AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

2025/0380(COD) | PE-CONS 47/26

CLIMA 354
ENV 820
ENER 443
TRANS 453
COMPET 843
ECOFIN 900
CODEC 1310

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair ar bhóithre agus earnálacha breise |

**CINNEADH (AE) 2026/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair ar bhóithre agus earnálacha breise**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 IO C, C/2026/1968, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1968/oj.

2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Meán Fómhair 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an …

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Comhaontú Pháras, a glacadh an 12 Nollaig 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiúan Aontaithe ar an Athrú Aeráide ('Comhaontú Pháras')[3], i bhfeidhm an 4 Samhain 2016. Chomhaontaigh na Páirtithe i gComhaontú Pháras an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta.

(2) Leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 12 Nollaig 2019, tacaítear leis an gcuspóir Aontas aeráid-neodrach a bhaint amach faoi 2050, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras.

[3] IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

(3) Le Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], bunaíodh cúlchiste cobhsaíochta margaidh lena maolaítear an riosca míchothromaíochtaí i ndáil le soláthar-éileamh a bhaineann le tús a chur leis an gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair ar bhóithre agus earnálacha breise arna thabhairt isteach le Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], agus a fhágann go bhfuil sé níos frithsheasmhaí in aghaidh suaití sa mhargadh.

(4) Léirítear sna hanailísí a rinneadh ar fheidhmiú chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh faoi mar atáthar ag coinne leis, agus faisnéis a fuarthas le déanaí á cur san áireamh, go gcuirfeadh leasuithe spriocdhírithe ar roinnt paraiméadar le hintuarthacht an mhargaidh a fheabhsú agus le cobhsaíocht gluaiseachtaí praghsanna i mblianta tosaigh den chóras nua trádála astaíochtaí.

---

[4] Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 maidir le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú i gcomhair scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE (IO L 264, 9.10.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1814/oj).

[5] Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/959/oj).

(5) Chun spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach, is gá infheistíocht shuntasach phoiblí agus phríobháideach ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát a thiomnú do bhearta aistrithe aeráide agus fuinnimh i bhfoirgnimh agus in iompar ar bhóithre, agus réamh-mheastar go mbeidh riachtanais infheistíochta glaise bhreise i gceist suas go dtí 2030. Ba cheart bearta náisiúnta comhlántacha a bheith ag gabháil leis an gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair ar bhóithre agus earnálacha breise. Chuirfeadh sé sin ar chumas teaghlaigh agus úsáideoirí iompair freagairt go héifeachtach trí aistriú chuig roghanna malartacha téimh ghlain agus roghanna malartacha iompair ar bhóithre atá glan. I gcomhréir le hAirteagal 30d(6) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], ba cheart do na Ballstáit an t-ioncam ceantála ó thrádáil astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair ar bhóithre agus earnálacha breise a chaitheamh ar mhaithe le críocha a bhaineann leis an aeráid agus le fuinneamh mar a shonraítear don chóras trádála astaíochtaí atá ann cheana, agus tosaíocht á tabhairt do ghníomhaíochtaí lenar féidir cur le haghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta den chóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair ar bhóithre agus earnálacha breise, nó é a chaitheamh ar bhearta lena dtugtar aghaidh go sonrach ar ábhair imní ghaolmhara do na hearnálacha sin, lena n-áirítear an ranníocaíocht náisiúnta le costais mheasta iomlána an Phlean Aeráide Sóisialta i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7].

---

6 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32 ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

7 Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 130, 16.5.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/955/oj).

(6) Chun cur le hintuarthacht fhadtéarmach an mhargaidh, na lamháltais a cuireadh i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair ar bhóithre agus earnálacha breise agus nár scaoileadh, ba cheart dóibh a bheith fós bailí tar éis an 31 Nollaig 2030.

(7) Sa chás go sroicheann líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht leibhéal faoi bhun 260 milliún lamháltas, chuideodh scaoileadh na lamháltas ar shlí níos céimsí agus níos freagrúla le tuilleadh feabhais a chur ar chobhsaíocht agus ar intuarthacht an mhargaidh do rannpháirtithe sa mhargadh. Dá bhrí sin, ba cheart a chur san áireamh leis an sásra scaoilte an difríocht idir líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht agus an tairseach níos ísle.

(8) Chun tuilleadh feabhais a chur ar fhreagairt an tsásra ar luaineachtaí praghsanna gan údar agus chun cur le hintuarthacht an mhargaidh, ba cheart an sásra chun cobhsaíocht praghsanna a fheabhsú sna chéad trí bliana den chóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair ar bhóithre agus earnálacha breise a neartú ar bhealach cúramach. Is éard a d’fhéadfadh a bheith i gceist leis sin ná méid níos airde lamháltas a scaoileadh isteach sa mhargadh gan mhoill. Má chuirtear an sásra sin i bhfeidhm faoi dhó le linn na tréimhse 12 mhí céanna, ba cheart an scaoileadh breise a dhéanamh faoi dhó.

(9) Feidhmíonn an córas trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair ar bhóithre agus earnálacha breise agus bearta náisiúnta na mBallstát sna hearnálacha mar thaca dá chéile. Trí thús rianúil a chur de réir a chéile leis an gcóras nua trádála astaíochtaí sin, tacaítear le bearta na mBallstát a chur chun feidhme go tráthúil chun sprioc aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach, lena n-áirithítear aistriú atá cothrom go sóisialta agus lena seachnaítear tionchair mhíchuí ar phraghsanna ar theaghlaigh leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha. Dá bhrí sin, ina thuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an chórais nua astaíochtaí trádála, i gcomhthéacs an athbhreithnithe faoi Airteagal 30i de Threoir 2003/87/CE, áireoidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, measúnú críochnúil ar na sásraí cobhsaíochta praghsanna faoi Airteagal 30h den Treoir sin agus ar chur i bhfeidhm rialacha chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair ar bhóithre agus earnálacha breise faoi Chinneadh (AE) 2015/1814, chun sláine chomhshaoil agus cothroime shóisialta araon a áirithiú. Tá an t-athbhreithniú, go háirithe, le feidhmiú an bhirt maidir le praghsanna neamh-mheasartha a mheas arb éard is aidhm dó cinnteacht a mhéadú do na saoránaigh nach rachaidh an praghas carbóin sna blianta tosaigh d’oibriú an chórais nua trádála astaíochtaí sin os cionn an leibhéil de bhun Airteagal 30h de Threoir 2003/87/CE, agus cé acu ba cheart nó nár cheart leanúint leis an mbeart sin tar éis 2029.

(10) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Chinnidh seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon, cúlchiste cobhsaíochta margaidh an chórais trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair ar bhóithre agus earnálacha breise a neartú, go sonrach trí fhreagairt an chórais sin a fheabhsú agus trí chur le cobhsaíocht an mhargaidh, agus de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Cinneadh seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2015/1814 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Chinneadh (AE) 2015/1814*

Leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 mar seo a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1a mar a leanas:

(a) i mír 3, scriostar an dara habairt;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Foilseoidh an Coimisiún líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht a chumhdaítear i gCaibidil Iva de Threoir 2003/87/CE gach bliain, faoin 1 Meitheamh an bhliain ina dhiaidh sin, ar leithligh ó líon na lamháltas atá i gcúrsaíocht faoi Airteagal 1(4) den Chinneadh seo. Is éard a bheidh i líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht faoin Airteagal seo i mbliain ar leith ná líon carnach na lamháltas arna eisiúint a chumhdaítear leis an gCaibidil sin, lúide na tonnaí carnacha d’astaíochtaí fíoraithe a chumhdaítear leis an gCaibidil sin don tréimhse idir an 1 Eanáir 2028 agus an 31 Nollaig den bhliain áirithe chéanna sin mar aon le lamháltas ar bith a chumhdaítear leis an gCaibidil sin arna chur ar ceal i gcomhréir le hAirteagal 12(4) de Threoir 2003/87/CE. Tarlóidh an chéad fhoilsiú faoin 1 Meitheamh 2028.’;

(c) i mír 5, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

‘In aon bhliain ar leith, má bhíonn líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht idir 210 milliún agus 260 milliún, scaoilfear lamháltais bhreise ón gcúlchiste. Ríomhfar an méid breise trí 100 milliún a thógáil agus dhá oiread na difríochta idir líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht agus 210 milliún a dhealú. Cuirfear an méid breise sin le cainníocht na lamháltas atá le cur ar ceant ag na Ballstáit faoi Airteagal 10(2) de Threoir 2003/87/CE ag tosú an 1 Meán Fómhair den bhliain sin.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Cuirfear na méideanna atá le scaoileadh ón gcúlchiste i gcomhréir le hAirteagal 30h de Threoir 2003/87/CE le cainníocht na lamháltas a chumhdaítear le Caibidil IVa den Treoir sin atá le cur ar ceant ag na Ballstáit faoi Airteagal 30d den Treoir sin. I gcás ina scaoilfear lamháltais ón gcúlchiste i gcomhréir le hAirteagal 30h(2) de Threoir 2003/87/CE, cuirfear luach 20 milliún de lamháltas eile leis an méid atá le scaoileadh ón gcúlchiste. Déanfar na méideanna atá le scaoileadh ón gcúlchiste a dháileadh go cothrom le linn tréimhse 3 mhí, ag tosú tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an dáta ar comhlíonadh na coinníollacha de réir a bhfoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* de bhun Airteagal 30h(8) de Threoir 2003/87/CE.’;

(2) in Airteagal 3, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘A mhéid a bhaineann le hAirteagal 1a den Chinneadh seo, breithneofar san athbhreithniú dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo líon na lamháltas atá fágtha agus an tsláine chomhshaoil agus an chothroime shóisialta araon á gcur san áireamh.’.

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |